An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Imlitir 0015/2026**

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**

# An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Feidhmiú Leanúnach na Scéime (2026/27) i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta

## Clár


1. Cúlra ..... 1
2. Tacaíochtaí do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta sa scéim ..... 2
3. Cnuasaigh ..... 5
4. Scoileanna a bhfuil líon ard iontrálaithe nua acu ..... 6
5. Gníomhphleanáil ar bhonn scoile uile chun an tumoideachas a threisiú ..... 6
6. Dualgais scoileanna atá aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta ..... 6
7. Eolas breise ..... 7

Aguisín 1: Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta ..... 9

Aguisín 2: Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge ..... 11

Aguisín 3: Foirm Iarratais do Chnuasach Bunscoileanna 2026/27 ..... 13


## 1. Cúlra

Seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta in 2016 leis an sprioc uileghabhálach “a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta”.

Chun tacú le cur i bhfeidhm na sprice seo, bunaíodh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2017 chun tacú le scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá bpobail. Ní mór do scoileanna critéir shonracha theangabhunaithe (féach Aguisín 1) a chomhlíonadh chun aitheantas oifigiúil mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach, agus cuirtear tacaíochtaí spriocdhírithe ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo é sin a bhaint amach.

Bronnadh aitheantas oifigiúil mar Scoil Ghaeltachta ar 101 bunscoil ag sraith ócáidí réigiúnacha a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Táthar ag súil go leanfaidh

Scoileanna Gaeltachta aitheanta ag cur na gcritéar teangabhunaithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach faoin scéim agus go dtógfaidh siad ar an méid atá bainte amach acu chun bogadh i dtreo an tsárchleachtais tumoideachais.

Leanfar le tacaíochtaí a chur ar fáil do gach scoil atá páirteach sa scéim chun tacú leo na critéir theangbhunaithe sin a chur i bhfeidhm.[1] Tá tiomantas i gClár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú - leanúint leis na tacaíochtaí seo do Scoileanna Gaeltachta.

Maidir leis na bunscoileanna atá lonnaithe laistigh de limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, agus nach bhfuil ag glacadh páirte sa scéim faoi láthair, spreagtar iad siúd chun iarratas a aighniú le bheith páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag am ar bith le linn na scoilbhliana 2026/27, más mian leo. Tá eolas faoin bpróiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh agus na tacaíochtaí atá ar fáil d'údaráis scoile le fáil in Imlitir 0022/2024 a eisíodh do scoileanna i mí Feabhra 2024.

San imlitir seo, leagtar amach na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do scoileanna a bhfuil aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta bainte amach acu agus do scoileanna atá fós ar a n-aistear i dtreo aitheantas a bhaint amach mar Scoil Ghaeltachta. Mínítear, chomh maith, na dualgais a bheidh ar scoileanna aitheanta sa chéad tréimhse eile den scéim.

Leanann an imlitir seo ó Imlitir 0010/2025 agus ó imlitreacha agus ó threoir roimhe seo ar an scéim.

## 2. Tacaíochtaí do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta sa scéim

Don chéad tréimhse eile den scéim, cuirfear tacaíochtaí ar fáil do scoileanna na scéime d’fhonn tacú leo ar a n-aistear i dtreo sárchleachtas a bhaint amach faoi gach ceann de na critéir theangabhunaithe.

Sa scoilbhliain 2026/27, cuirfear na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

- Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge bunaithe ar rollachán na scoile
- Deontas bliantúil Scoil Ghaeltachta (€1,200)
- Comhairle ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige
- Eispéiris foghlama ghairmiúla agus tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)
- Eipéiris foghlama ghairmiúla agus tacaíocht ó Oide
- Treoir do scoileanna agus roinnt an dea-chleachtais.

### Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge

Cuirfear uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge ar fáil do scoileanna sa scéim don scoilbhliain 2026/27 bunaithe ar rollachán na scoile ar 30 Meán Fómhair 2025, mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

[1] Leanfar leis na tacaíochtaí seo a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn sriantachtaí buiséid na roinne.

| Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge – bunscoileanna | |
|---|---|
| **Rollachán bunscoile ar 30 Meán Fómhair 2025** | **Líon na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain 2026/27** |
| <48 | 5 |
| 48-77 | 7.5 |
| 78-135 | 10 |
| 136-168 | 12.5 |
| 169-237 | 15 |
| 238-457 | 17.5 |
| >457 | 25 |

Tá treoir in Aguisín 2 maidir le conas an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge. Beifear ag súil go ndéanfaidh scoileanna leithdháileadh na n-uaireanta tacaíochta teanga seo a bhainistiú go héifeachtach. Féadfaí measúnú a dhéanamh ar úsáid na n-uaireanta seo le linn cuairteanna meastóireachta na Cigireachta.

Ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil na múinteoirí a roghnaítear do na huaireanta tacaíochta teanga seo cáilithe go cuí agus cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir na himlitreach earcaíochta ábhartha agus go bhfuil ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge acu mar aon le tuiscint mhaith ar an tumoideachas.

Cuirtear na huaireanta tacaíochta Gaeilge seo ar fáil mar uaireanta páirtaimseartha do na scoileanna atá rannpháirteach sa scéim. Is féidir le bunscoileanna agus scoileanna speisialta cnuasaigh a chruthú do phoist teagaisc bhuana lánaimseartha trí na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a thabhairt le chéile. Tá tuilleadh sonraí maidir le cnuasaigh a chruthú i **Mír 3** thíos.

### Leithdháileadh deontais

Íocfar deontas bliantúil de €1,200 in 2026/27 le gach scoil atá páirteach sa scéim chun tacú le soláthar tumoideachais atá ar ardcháilíocht agus le cur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe.

Beidh sé de dhualgas ar scoileanna gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí (féach soláthairtí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: (Imlitir 0013/2014). Caithfidh údaráis scoileanna a dheimhniú freisin go sásaítear riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus riachtanais na Roinne Oideachais agus Óige maidir le sócmhainní a sholáthar, a úsáid agus a dhiúscairt.

### Comhairle ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige.

Spreagtar scoileanna a bpróisis féinmheastóireachta scoile (FMS) a bheachtú chun a gcleachtas tumoideachais a mheas agus a fheabhsú go criticiúil, le cinntiú go leanann siad orthu ag comhlíonadh na critéir theangabhunaithe atá leagtha amach don scéim.

Mar a bhí chuige seo, is féidir le scoileanna cuairteanna comhairleacha ó chigirí a lorg ar mhaithe le tacaíocht a fháil i dtaobh an FMS a úsáid chun na critéir theangabhunaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chun cuairt chomhairleach a lorg, ní mór do scoileanna ríomhphost a sheoladh chuig aog@education.gov.ie le sonraí maidir leis an réimse ina bhfuil tacaíocht ag teastáil.

### Eispéiris foghlama ghairmiúla (EFG) agus tacaíocht ó COGG

Cuirfidh COGG eispéiris foghlama ghairmiúla agus tacaíocht ar fáil do scoileanna atá páirteach sa scéim. Leanfar le meascán de sheimineáir ghréasáin, seisiúin aghaidh-ar-aghaidh agus comhdhálacha/seimineáir a chur ar fáil (lena n-áireofar seimineáir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí nua-cháilithe). Leanfaidh COGG ar aghaidh ag éascú deiseanna chun líonraí ceannairí scoile agus múinteoirí ar líne agus i bpearsan a fhorbairt ar mhaithe le dea-chleachtas a aithint agus a roinnt. Roinnfidh COGG sonraí faoi phleananna EFG do scoileanna atá páirteach sa scéim in am trátha. Déanfar gach iarracht gan cur isteach ar am teagmhála idir múinteoirí agus daltaí.

Más gá, agus de réir mar a bhíonn fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil in 2026/27 tríd an gCóras Éileamh ar Líne (CÉL/OLCS), nó faoi bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ábhartha, d'uasmhéid dhá lá do bheirt mhúinteoirí i scoileanna rannpháirteacha, chun freastal ar sheimineáir/cheardlanna COGG. Is féidir na laethanta seo a éileamh ó CÉL/OLCS trí seo a leanas a roghnú: *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/Gníomhaíochtaí Gairmiúla - Polasaí um Oideachas Gaeltachta*.

Tá raon leathan acmhainní teagaisc agus foghlama i nGaeilge agus don Ghaeilge ar fáil ar An Tairseach atá forbartha ag COGG. Cuirfear tacaíocht ar fáil do scoileanna faoin tslí leis na hacmhainní ar líne a rochtain agus a úsáid.

### Eispéiris foghlama ghairmiúla (EFG) agus tacaíocht ó Oide

Is féidir le gach scoil atá páirteach sa scéim iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ó Oide – an tseirbhís tacaíochta do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí – le haghaidh tacaíocht scoile saincheaptha i ngach réimse teagaisc, foghlama agus féinmheastóireachta scoile. Is féidir é seo a lorg trí na gnáthbhealaí teagmhála le haghaidh tacaíochta ó Oide. Mar chuid dá ndualgais, freastalaíonn an GaelAonad in Oide, i gcomhar le rannáin eile in Oide, ar shainriachtanais foghlama gairmiúla na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Tá ábhair foghlama ghairmiúla, a d'fhéadfadh tacú le scoileanna Gaeltachta, ar fáil ar shuíomh gréasáin Oide.

### Treoir do scoileanna agus roinnt an dea-chleachtais

Tá réimse treoracha foilsithe ag AOG do scoileanna Gaeltachta, lena n-áirítear:

- Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas
- Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Naisc a neartú idir bunscoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim (LFC)
- Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Tá Táscairí Dea-chleachtais maidir le Soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta Gaeltachta foilsithe ag COGG, a thugann treoir phraiticiúil do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta Gaeltachta maidir le freastal ar riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna tumoideachais lán-Ghaeilge.

Foilsíonn an tAonad um Oideachas Gaeltachta nuachtlitir leathbhliantúil – Scéal na Scéime – chun ceiliúradh a dhéanamh ar chleachtas tumoideachais éifeachtach agus nuálach atá ar siúl i scoileanna atá páirteach sa scéim. Tá scoileanna ag aimsiú bealaí éifeachtacha go leanúnach chun dúshláin i dtírdhreach oideachais atá ag athrú a shárú agus iad fós ailínithe go hiomlán le croíphrionsabail agus critéir na scéime. Cruthaíonn Scéal na Scéime deiseanna do scoileanna a gcuid iarrachtaí i gcur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe a roinnt agus a cheiliúradh ar bhonn leanúnach. Tacóidh na nuachtlitreacha le scoileanna nascadh le Scoileanna Gaeltachta eile agus tabharfaidh siad deis do scoileanna foghlaim óna chéile.

Más mian le scoil sa scéim a dea-chleachtas a roinnt, moltar don scoil an fhoirm léirithe spéise seo a líonadh isteach agus í a chur ar aghaidh chuig AOG ag aog@education.gov.ie.

## 3. Cnuasaigh

Is féidir le bunscoileanna agus scoileanna speisialta teacht le chéile i gcnuasaigh agus a gcuid uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chur le chéile chun poist teagaisc bhuana lánaimseartha a chruthú don scoilbhliain 2026/27.

Don bhliain 2026/27, is ceadmhach do scoil/cnuasach uaireanta do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta agus/nó laethanta scaoilte príomhoide a chomhcheangal leis na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge chun post buan lánaimseartha a dhéanamh.

Tá Foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna ar fáil in Aguisín 3 thíos agus ar láithreán gréasáin gov.ie. Ní mór an Fhoirm Iarratais do Chnuasach Scoile a sheoladh chuig aog@education.gov.ie faoi **28 Aibreán 2026**.

### Costais taistil do mhúinteoirí ag taisteal idir scoileanna i gcnuasaigh

Is féidir le múinteoirí atá ag feidhmiú mar mhúinteoirí tacaíochta don Ghaeilge faoin Scéim don scoilbhliain 2026/27, agus atá i gcnuasach le scoil amháin eile ar a laghad, iarratas a dhéanamh ar aisíoc a gcostas taistil. Baineann an cúiteamh speansas seo le taisteal a eascraíonn as rannpháirtíocht an mhúinteora i gcnuasach uaireanta atá ceadaithe faoin scéim agus le dualgais teagaisc a thagann le ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge amháin. Níl costais taistil iníoctha le múinteoir a bhfuil conarthaí éagsúla aige/aici le huaireanta páirtaimseartha i níos mó ná scoil amháin taobh amuigh de na socruithe cnuasaigh.

Tá an Fhoirm Iarratais ar Speansais Taistil le cur isteach ar an aisíocaíocht ar fáil ar gov.ie. Ba cheart 'Múinteoir Tacaíochta don Ghaeilge (Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta)' a roghnú faoin gceist 'sonraí fostaíochta' agus an fhoirm á líonadh isteach. Ba cheart don phríomhoide sa scoil bhunaidh an fhoirm a shíniú. Is féidir cóipeanna scanta a sheoladh mar cheangaltáin tríd an bhfoirm teagmhála párolla.

Mínítear in Imlitir 0009/2015 na nósanna imeachta maidir le speansais taistil a íoc le múinteoirí incháilithe atá cláraithe agus fostaithe mar mhúinteoirí tacaíochta teanga agus is féidir tuilleadh eolais maidir leis na seirbhísí seo a fháil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

## 4. Scoileanna a bhfuil líon ard iontrálaithe nua acu

Má tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí i scoil atá sa Scéim ó 30 Meán Fómhair na scoilbhliana roimhe sin, mar gheall ar mhéadú sna hiontrálaithe nua, féadfaidh an scoil a bheith i dteideal uaireanta breise tacaíochta don Ghaeilge bunaithe ar na bandaí atá leagtha amach san imlitir seo. Má luíonn líon na ndaltaí anois laistigh de bhanda nua, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh chuig AOG chun na huaireanta breise seo a lorg.

Ní féidir aon athruithe a dhéanamh ar chnuasaigh scoile reatha de bharr na n-uaireanta breise thuas. Ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil sonraí na ndaltaí cláraithe mar is cuí ar an gcóras POD. Ní mór iarratas le haghaidh uaireanta breise tacaíochta don Ghaeilge faoi na cúinsí seo a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais atá ar fáil ar gov.ie agus é a sheoladh chuig aog@education.gov.ie.

## 5. Gníomhphleanáil ar bhonn scoile uile chun an tumoideachas a threisiú

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhphleanála timthriallach lena n-áirítear athbhreithniú rialta. Mar chuid den phróiseas gníomhphleanála feabhsúcháin, ba chóir fianaise a bhailiú, breithmheasanna a dhéanamh, spriocanna sainiúla a aithint, gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na spriocanna, agus spriocanna nua a leagan amach chun cáilíocht an tumoideachais i scoileanna a threisiú.

Caithfidh scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta leanúint le spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint a shásaíonn idir chritéir na scéime agus an chláir DEIS. Ní mór dóibh na spriocanna agus na gníomhaíochtaí sin a aithint, a athbhreithniú, agus a chlárú go soiléir ina bplean feabhsúcháin scoile. Sa mhéid agus is féidir, ba chóir na réimsí tosaíochta FMS a thacaíonn le cur i bhfeidhm an tumoideachais a chuimsiú faoi na spriocanna agus na gníomhaíochtaí do théamaí DEIS.

Ní mór do scoileanna a bhfuil an t-aitheantas mar Scoil Ghaeltachta bainte amach acu, agus do scoileanna atá ag obair i dtreo aitheantas a bhaint amach, an córas FMS a úsáid chun tógáil ar an dea-obair atá déanta go dtí seo agus aghaidh a thabhairt ar aon mholadh/mholtaí a rinne na cigirí sna tuairiscí ar na cuairteanna meastóireachta faoin bpróiseas deimhnithe don aitheantas.

Ba chóir tuairisc FMS agus plean feabhsúcháin a ullmhú go bliantúil. Ba chóir an tuairisc bhliantúil agus an plean feabhsúcháin a roinnt le gach ball den bhord agus leis an bhfoireann. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar an mbealach is fearr chun príomhphointí na tuairisce agus an phlean feabhsúcháin a roinnt le tuismitheoirí agus le daltaí.

## 6. Dualgais scoileanna atá aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta

Leanfaidh gach scoil ar bronnadh aitheantas mar Scoil Ghaeltachta uirthi, ag forbairt a cleachtas de réir na gcritéar teangabhunaithe. Leanfaidh scoileanna ar aghaidh ag cur a bpobail scoileanna ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh. D'fhéadfaí iarraidh orthu meantóireacht a sholáthar do scoileanna eile sa scéim más gá.

Bainfidh scoileanna leas as an FMS chun dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe a threorú agus iad ag leanúint ar a n-aistear i dtreo an tsárchleachtais. Cinnteoidh scoileanna a fuair moltaí ón gCigireacht sa mheastóireacht chun an t-aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a ghnóthú go n-áireofar mar chuid lárnach d'fhéinmheastóireacht na scoile iad le go gcuirfear na moltaí i bhfeidhm.

Beidh ar scoileanna iarratas a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Óige chun a n-aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a athnuachan tar éis tréimhse cúig bliana ón dáta a bhfuair siad an litir aitheantais ón roinn.

Tiocfaidh scoileanna aitheanta Gaeltachta faoi ghnáthchlár bliantúil meastóireachta na Cigireachta. Cuirfear stádas agus comhthéacs indibhidiúil na scoile mar Scoil Ghaeltachta san áireamh agus pleanáil á déanamh do mheastóireachtaí scoile agus cuairteanna comhairleacha. Déanfar moltaí sna meastóireachtaí de réir mar is cuí chun tacaíocht a thabhairt do na scoileanna ar bhonn leanúnach chun cur i bhfeidhm an tumoideachais a neartú agus a chaomhnú. Má fheictear le linn cigireachta nach bhfuil na critéir theangabhunaithe á gcomhlíonadh go sásúil ag scoil, d'fhéadfaí an t-aitheantas agus na tacaíochataí a ghabhann leis a athbhreithniú le linn na tréimhse cúig bliana sin.

## 7. Eolas breise

Beidh rannpháirtíocht leanúnach scoileanna sa scéim ag brath ar choinníollacha na himlitreach seo, agus aon imlitreacha eile a bhaineann leis an scéim, a shásamh. Más é cinneadh na roinne, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na scéime á gcomhlíonadh, coimeádtar an ceart scoil a bhaint den scéim. Má bhítear míshásta le cinneadh na roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na scéime, déanfaidh painéal achomharc neamhspleách é a mheas.

Ba chóir fiosruithe maidir leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus/nó an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a sheoladh ar ríomhphost chuig aog@education.gov.ie.

**Eisithe ag:**
Muireann Tóibín, Príomhoifigeach Gníomhach
An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Óige

**Dáta:** 26 Márta 2026

Iarrtar ar phríomhoidí bunscoileanna agus scoileanna speisialta atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta aird gach comhalta den bhord bainistíochta/bhord oideachais agus oiliúna, na foirne teagaisc (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, agus baill na foirne coimhdí a dhíriú ar an imlitir seo.

## Aguisín 1: Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

### Féinmhonatóireacht ar dhul chun cinn na scoile i leith na gcritéar teangabhunaithe chun an tumoideachas a neartú

| | Na critéir theangabhunaithe do bhunscoil Ghaeltachta | 1<br>le cur i bhfeidhm | 2<br>dul chun cinn déanta | 3<br>á chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Clár lántumtha dhá bhliain**[2] trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn | | | |
| 2 | **Cur chuige lántumtha** a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla/ na Nuatheangacha Iasachta, trí Ghaeilge | | | |
| 3 | **Eispéiris oideachais ardchaighdeáin** trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar **riachtanais teanga idirdhealaithe** na gcainteoirí dúchais Gaeilge[3] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge | | | |
| 4 | **Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile** uile a fhorbairt:<br>a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus<br>b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) | a)<br>b) | | |
| 5 | **Athbhreithniú** ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú **tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)** | | | |
| 6 | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na **torthaí foghlama T1**[4] **i *gCuraclam Teanga na Bunscoile*** **do scoileanna Gaeltachta** agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | |
| 7 | **Acmhainní Gaeilge a úsáid** chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla | | | |
| 8 | **Gníomhaíochtaí** curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge | | | |

[2] Ciallaíonn clár lántumtha (clár luath-thumoideachais) go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtosófar ar mhúineadh an Bhéarla ó Rang a 1. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na leanaí sa Ghaeilge i ranganna na naíonán.
[3] Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11).
[4] Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 9 | **Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga** (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta | | | |
| 10 | **Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid** le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile | | | |
| 11 | **Naisc theanga agus chultúrtha** atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na **suímh luathoideachais** áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (*naíonraí*) | | | |
| 12 | **Naisc** theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú **le hiar-bhunscoileanna** áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | |
| 13 | Gach iarracht **foireann teagaisc agus foireann choimhdeach** a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. | | | |

## Aguisín 2: Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge

### Ag leibhéal na bainistíochta scoile

- Ba chóir don bhord bainistíochta agus d’fhoireann bainistíochta na scoile monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann úsáid na n-uaireanta teanga breise don Ghaeilge chun tairbhe na foghlama do dhaltaí. Ba chóir athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.
- Tá gá le comhoibriú, ag gach leibhéal d’fheidhmiú na scoile, chun ról na múinteoirí príomhshrutha, ról an mhúinteora oideachais speisialta, ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge agus ról an chúntóra teanga a aontú ionas gur féidir tacú le riachtanais idirdhealaithe teanga na ndaltaí.

### Ullmhúchán don teagasc agus don mheasúnú i gcomhar leis na múinteoirí príomhshrutha

- Mar chuid de phlean feabhsúcháin na scoile, ba chóir don scoil leas a bhaint as na torthaí measúnaithe is déanaí chun riachtanais foghlama teanga na ndaltaí a aithint. Tacóidh sé seo leis na múinteoirí uile tuiscint níos cuimsithí a fháil ar riachtanais teanga na ndaltaí, agus idirghabhálacha chun freastal ar a dtosaíochtaí teanga a phleanáil dá réir.
- Ba chóir measúnú foirmitheach agus suimitheach a dhéanamh ar inniúlacht teanga agus ar spriocanna foghlama na ndaltaí sa Ghaeilge chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na spriocanna foghlama sin agus ar dul chun cinn i dtorthaí foghlama na ndaltaí agus é seo a dhéanamh i gcomhar leis na múinteoirí ábhartha.
- Ba cheart do na múinteoirí go léir (múinteoir tacaíochta don Ghaeilge agus an múinteoir oideachais speisialta) taifid shoiléire a choinneáil ar dhul chun cinn gach dalta sa Ghaeilge mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim, agus an t-eolas ábhartha a roinnt le tuismitheoirí agus daltaí, de réir mar is cuí.
- Tá an-tábhacht ag baint le feasacht na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí teanga a fhorbairt tríd an bpróiseas measúnaithe agus bheadh tairbhe le scileanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe na ndaltaí a fhorbairt.
- Moltar na daltaí a chumasú dialann teanga/loga foghlama a fhorbairt, a léiríonn a n-inniúlacht teanga agus a ndul chun cinn, chun cabhrú leo monatóireacht agus féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-aistear foghlama féin. D’fhéadfaí an dialann/loga a dhearadh i slí a léireodh a spriocanna foghlama, na spriocanna a bhain na daltaí amach agus na heispéiris foghlama a chruthaigh dúshlánach don dalta ar a aistear foghlama teanga.

### Ag leibhéal an ranga

- Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge chun plé foirmiúil a bheith ann mar gheall ar an tsaintéarmaíocht a bhaineann leis na hábhair éagsúla agus ullmhuchán cuí a dhéanamh leis an múinteoir ranga ar bhonn cheimneach forbarthach chun an teanga acadúil a réamh-theagasc do na scoláirí nó a mhúineadh le linn comhartheagasc ranga.
- Is gá an teanga acadúil agus an tsaintéarmaíocht a ghabhann leis na hachair éagsúla churaclaim a mhúineadh do dhaltaí. Ba chóir deiseanna rialta a sholáthar dóibh an téarmaíocht nua a chleachtadh agus a shealbhú ar bhealaí atá cruthaitheach agus nuálach.
- Is pointe tosaigh an-tábhachtach an taithí luath a bhíonn ag daltaí ar fhoghlaim na teanga chun tuilleadh forbartha teanga a dhéanamh. I gcomhpháirt leis an múinteoir tacaíochta agus an múinteoir ranga, ba chóir clár luath-idirghabhála do litearthacht na Gaeilge, bunaithe ar phrionsabail Churaclam Teanga na Bunscoile agus ag tógáil ar phrionsabail Aistear, a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán ina ndíreofar aird ar leith ar shainriachtanais teanga na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí ar bheagán Gaeilge.

- Is foinse shaibhir iad na cainteoirí dúchais chun cumas teanga na ndaltaí uile a neartú. Ba chóir tógáil ar inniúlacht teanga na gcainteoirí siúd freisin agus cur lena saibhreas teanga trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí agus tríd an gcomhtheagasc.
- Moltar úsáid a bhaint as straitéisí teagaisc difreáilte, ceistiúchán, cluichí agus gníomhaíochtaí cumarsáide. Cuidíonn ionchur saibhrithe teanga ón múinteoir agus rannpháirtíocht i dtascanna (ar nós obair thionscadail, rólimirt, drámaíocht, plé agus an chomharfhoghlaim) le daltaí spriocstruchtúir na teanga a aithint agus a ionramháil. Cuireann sé seo go mór lena bhféinmhuinín i labhairt na Gaeilge.
- Is féidir rannpháirtíocht na ndaltaí a spreagadh agus a scileanna teanga a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus naisc dhigiteacha, bíodh daltaí ar scoil nó sa bhaile.
- Is féidir leas a bhaint as an litríocht chun scileanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta na ndaltaí chomh maith lena saibhreas, cruinneas, feasacht agus cruthaitheacht teanga a fhorbairt ar bhonn comhtháite, de réir mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile.
- Tá sé fíorthábhachtach go soláthrófaí ábhar leathan léitheoireachta agus litríochta sa Ghaeilge do dhaltaí a chlúdaíonn réimse leathan seánraí, litríocht áitiúil agus bhéil san áireamh, agus a oireann dá réimsí spéise, dá n-aois agus dá gcumas sa teanga.
- Ba cheart aird na ndaltaí a dhíriú ar chainteoirí sa cheantar agus lasmuigh de ar foinsí dílse de shaíocht agus saibhreas na Gaeilge iad. Ba chóir deiseanna a thapú cuireadh a thabhairt dóibh siúd teacht chun na scoile mar aoichainteoirí chun na daltaí a spreagadh bheith mórtasach as an teanga agus as an gcultúr.

## Lasmuigh den rang

- Is trí rannpháirtíocht in imeachtaí teanga agus cultúrtha a threisítear inspreagthacht, inniúlacht teanga agus féiniúlacht na ndaltaí mar chainteoirí Gaeilge agus mar bhaill dá bpobal teanga féin agus lasmuigh de. I measc na ngníomhaíochtaí seo, tá comórtais dramaíochta nó féilte liteartha, fiontraíochta, iriseoireachta, díospóireachta, ealaíona agus spóirt chomh maith le rannpháirtíocht in imeachtaí agus i dtionscadail Gaeilge le daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge T1 eile.
- Moltar naisc a chothú leis an Oifigeach Pleanála Teanga áitiúil chomh maith hun imeachtaí chultúrtha agus teanga a chur chun cinn i bpobal na scoile agus sa phobal áitiúl

.

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

## Aguisín 3: Foirm Iarratais do Chnuasach Bunscoileanna 2026/27

**Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**
**Foirm iarratais chun post buan lánaimseartha a chruthú trí chnuasach scoileanna do 2026/27**

**Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú agus cóip leictreonach (scanta le sínithe) a sheoladh ar ais ar r-phost aog@education.gov.ie chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta faoi 28 Aibreán 2026.**

**Caithfidh scoileanna a dheimhniú go bhfuil ard-inniúlacht sa Ghaeilge agus tuiscint mhaith ar an tumoideachas ag na múinteoirí a roghnaítear ionas gur féidir leo na róil a chomhlíonadh, de réir mar is gá.**

| | **Roghanna don chnuasach** | **Cuir tic le rogha amháin le do thoil** |
|---|---|---|
| **A** | Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chnuasach **idir scoileanna** | |
| **B** | Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chnuasach le huaireanta don teagasc oideachas speisialta agus/nó laethanta scaoilte príomhoide **idir scoileanna** | |
| **C** | Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chnuasach le huaireanta don teagasc oideachas speisialta agus/nó laethanta scaoilte príomhoide **sa scoil chéanna** | |

| **Sonraí na scoile bhunaidh don phost buan lánaimseartha atá le cruthú trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)** | |
|---|---|
| **Ainm na scoile bhunaidh:**<br>**(Ní mór don scoil bhunaidh a bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta)** | |
| **Uimhir rolla:** | |
| **Seoladh na scoile:** | |
| **Ríomhphost na scoile:** | |

| **Uimhir ghutháin:** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sonraí na scoileanna páirtnéara don phost buan lánaimseartha atá le cruthú trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)** | | | | | | |
| | **Ainm na scoile** | **Uimhir rolla** | **Líon iomlán na n-uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge leithdháilte don scoil faoin scéim** | **Líon na n-uaireanta do thacaíocht na Gaeilge sa chnuasach** | **Líon uaireanta scaoilte príomhoide sa chnuasach** | **Líon uaireanta teagaisc oideachas speisialta sa chnuasach** |
| **Scoil bhunaidh** | | | | | | |
| **An dara scoil** | | | | | | |
| **An tríú scoil** | | | | | | |
| **An ceathrú scoil** | | | | | | |
| **Iomlán na n-uaireanta sa chnuasach:** | | | | | | |

| **Sonraí na n-uaireanta tacaíochta Gaeilge nach bhfuil in úsáid sa chnuasach seo (i.e líon iomlán na n-uaireanta tacaíochta teanga lúide na n-uaireanta tacaíochta teanga sa chnuasach). Déanfar na huaireanta seo a fhaomhadh mar uaireanta páirtaimseartha ar an CÉL (OLCS).** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Ainm na scoile** | **Uimhir rolla** | **Líon na n-uaireanta do thacaíocht teanga don Ghaeilge NACH BHFUIL in úsáid sa chnuasach** |
| **Scoil bhunaidh** | | | |
| **An dara scoil** | | | |
| **An tríú scoil** | | | |
| **An ceathrú scoil** | | | |

Déanfar gach cnuas-shocrú **maidir le post lánaimseartha a eascraíonn ó uaireanta do thacaíocht teanga na Gaeilge a chur le chéile don scoilbhliain 2026/27 amháin.**

**Le nótáil:** Sa chás eisceachtúil go bhfuil scoil rannpháirteach i níos mó ná cnuasach amháin, caithfear an fhoirm chuí a sheoladh isteach do gach cnuasach.

**Dearbhú**
Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas cruinn agus go n-aontaím leis na cnuas-shocruithe atá molta don phost seo mar atá leagtha amach thuas.

**<u>AN SCOIL BHUNAIDH</u>: Ainm na scoile: ______________________ Uimhir rolla:_______**

| | | |
|---|---|---|
| **Síniú phríomhoide na scoile bunaidh** | **Síniú chathaoirleach na scoile bhunaidh** | **Dáta** |

**<u>AN DARA SCOIL</u>: Ainm na scoile: ________________________ Uimhir rolla:_________**

| | | |
|---|---|---|
| **Síniú phríomhoide na dara scoile** | **Síniú chathaoirleach na dara scoile** | **Dáta** |

**<u>AN TRÍÚ SCOIL</u>: Ainm na scoile: ________________________ Uimhir rolla:_________**

| | | |
|---|---|---|
| **Síniú phríomhoide na tríú scoile** | **Síniú chathaoirleach na tríú scoile** | **Dáta** |

**<u>AN CEATHRÚ SCOIL</u>: Ainm na scoile: ________________________ Uimhir rolla:_________**

| | | |
|---|---|---|
| **Síniú phríomhoide na ceathrú scoile** | **Síniú chathaoirleach na tríú scoile** | **Dáta** |

Cuirfear an t-eolas san fhoirm seo ar fáil do ranna ábhartha na roinne, de réir mar is gá. Tabharfar cóip den fhoirm seo do Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí na roinne don taifead.

Is í an phríomhchúis go bhfuil na sonraí pearsanta atá á soláthar agat de dhíth ar an roinn ná chun socruithe a dhéanamh do chnuasach scoileanna ar mhaithe le post roinnte a chruthú. Tá sé seo ar bhonn na n-uaireanta breise atá á gcur ar fáil do scoileanna faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. D'fhéadfaí an t-eolas pearsanta a sholáthraítear a mhalartú le ranna eile sa Roinn Oideachais agus Óige agus le scoileanna eile atá páirteach i gcnuas-shocruithe. Tá fáil ar shonraí maidir le polasaí um chosaint sonraí na roinne ina ndéantar cur síos ar an tslí ina mbainfear úsáid as do shonraí pearsanta, mar aon le heolas faoi do chearta mar ábhar sonraí, ar fáil ag gov.ie.